



Preasráiteas

Lucsamburg, 16 Eanáir 2023

Tá méid na dramhaíola guaisí san Aontas fós ag méadú

In ainneoin ghníomhaíocht an Aontais chun a ghiniúint a laghdú, tá méadú leanúnach ag teacht ar an méid dramhaíola guaisí a ghintear san Aontas ó 2004 i leith. Tugann athbhreithniú a d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa inniu léargas ar na dúshlán atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo i ndáil le dul i ngleic le dramhaíl ghuaiseach: feabhas a chur ar aicmiú, inrianaitheacht a áirithiú, athchúrsáil a mhéadú, agus gáinneáil a chomhrac, ar gnó brabúsach fós é.

“Tá giniúint na dramhaíola guaisí ag méadú, agus caithfidh an tAontas aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo” a dúirt Eva Lindström, comhalta den Chúirt atá freagrach as an athbhreithniú. “Is iad na bealaí is fearr chun dramhaíl ghuaiseach a láimhseáil ná athchúrsáil agus aisghabháil fuinnimh. Níor cheart diúscairt a úsáid ach amháin mar rogha dheireanach. Déantar níos mó ná 50 % de dhramhaíl ghuaiseach an Aontais a dhiúscairt, áfach. San athbhreithniú seo, léirímid go bhfuil sé fós dúshlánach dramhaíl ghuaiseach a chosc agus a chóireáil, ach tá deiseanna ag baint léi freisin”.

Is é an bealach is fearr chun déileáil le dramhaíl ghuaiseach ná cosc a chur ar a táirgeadh ar an gcéad dul síos. Bhí sé seo mar thosaíocht san Aontas ó 1991 i leith. Dhírigh gníomhaíocht an Aontais ar thionchar a imirt ar an gcaoi a ndéanann oibreoirí eacnamaíocha táirgí a dhearadh agus a mhonarú, ar thruaillitheoirí a dhéanamh freagrach as a gcuid dramhaíola, agus ar fhaisnéis níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí. In ainneoin na dtionscnamh seo, níl laghdú tagtha ar an méid dramhaíola guaisí a ghintear san Aontas.

Ní mór dramhaíl ghuaiseach a chóireáil ag saoráidí cóireála tiomnaithe de réir rialacha dochta agus ceanglais sábháilte. Leis an ualach riaracháin agus na costais níos airde d'oibreoirí eacnamaíocha a eascraíonn as, cruthaítear an riosca go ndéanfar gáinneáil ar dhramhaíl ghuaiseach, i gcás nach ndearbhaíonn oibreoirí gur dramhaíl ghuaiseach í an dramhaíl a ghin siad, agus déanann siad í a dhumpáil nó í a loingsiú go neamhdhleathach in áit eile ina ionad sin. Cuireann na hiniúchóirí i dtábhacht go bhféadfaí aicmiú agus rianú a dhéanamh ar dhramhaíl ghuaiseach cuidiú le cóireáil mhíchúí agus aicearraí neamhdhleathacha a sheachaint, ach tugann siad ar aire go ndéantar dramhaíl ghuaiseach a aicmiú go héagsúil i mBallstáit éagsúla. D'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach dlús a chur ar a iarrachtaí chun reachtaíocht an Aontais is infheidhme a chomhchuíbiú freisin, a deir na hiniúchóirí. Dá ndéanfaí cláir náisiúnta leictreonacha maidir le dramhaíl ghuaiseach a ailíniú leis an gclár Eorpach atá beartaithe do loingsiú dramhaíola, d'fhéadfaí cuidiú le dramhaíl ghuaiseach a rianú ar bhealach níos éifeachtaí ar fud a shaolré.

Is é is cuspóir don phreaseisiúint seo ná príomhtheachtaireachtaí an athbhreithnithe ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an t-athbhreithniú iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

Go hidéalach, ba cheart go n-ullmhófaí dramhaíl ghuaiseach chun athúsáide más féidir, nó chun athchúrsáile. Níl dramhaíl ghuaiseach oiriúnach d'athúsáid den chuid is mó áfach, agus tá srian ar athchúrsáil mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla agus easpa deiseanna margaidh don aschur athchúrsáilte. San athbhreithniú, léiríonn na hiniúcháirí dá gcuirfí feabhas ar theicneolaíochtaí athchúrsála agus ar acmhainneacht, bheadh deiseanna ag baint leis: mar shampla, dá ndéanfaí amhábhair chriticiúla a aisghabháil ó fhearais leictreonacha agus dramhaíl eile, thacódh sé le neamhspleáchas straitéiseach an Aontais.

Is gnó brabúsach í fós an gháinneáil agus dramhaíl ghuaiseach a dhumpáil go neamhdhleathach: meastar go mbeidh ioncaim bhliantúla idir €1.5 billiún agus €1.8 do gháinneáil amháin. Tá brath, imscrúduithe agus ionchúisimh annamh, agus tá na pionóis íseal.

D'fhéadfaí teorainn a chur ar na féidearthachtaí a bhaineann le gáinneáil trí úsáid a bhaint as digitiú chun dramhaíl ghuaiseach a rianú agus dearbhaithe bréagacha a chomhrac ar bhealach níos fearr, chomh maith le sásra smachtbhannaí níos athchomhairlí. D'fhéadfadh an cosc ar gach loingsiú dramhaíola do dhiúscairt, a mhol an Coimisiún in 2021, rannchuidiú le gáinneáil na dhramhaíola guaisí a laghdú.

Faisnéis chúlra

I reachtaíocht an Aontais, sainmhínítear dramhaíl ghuaiseach mar dhramhaíl a bhfuil airí guaiseach amháin nó níos mó aici, mar shampla airí pléascach, greannaitheoir nó tocsaineach. Is féidir le dramhaíl ghuaiseach dochar a dhéanamh do shláinte an duine agus don chomhshaol.

Seasann monarú (go háirithe miotail), uisce agus cóireáil dramhaíola, tógáil, agus mianadóireacht le chéile do 75 % den dramhaíl ghuaiseach a ghintear san Aontas. Is féidir dramhaíl ghuaiseach a tháirgeadh freisin i dteaghlaigh (e.g. leighis ar leith, ceallraí úsáidte, earraí glantacháin, fearais leictreonacha).

I réimse bainistithe dramhaíola, tá tíortha an Aontais freagrach as ceanglais dhleathacha an Aontais a fhorfheidhmiú ar leibhéal náisiúnta. Tá iomaí nósanna imeachta maidir le sárú déanta ag an gCoimisiún in aghaidh Ballstát a dteipeann orthu ceanglais an Aontais a thrasú i rialacha náisiúnta, nó neamchomhlíonadh ceanglais an Aontais. Tá forléargas ar chistiú an Aontais maidir le bainistiú dramhaíola go ginearálta ag an gCoimisiún, agus rinneadh €4.3 bhiliún de chistí an Aontais a leithdháileadh le haghaidh chlárthréimhse 2014-2020; ach ní raibh aon leithdháileadh ar leith do dhramhaíl ghuaiseach ann. Léirítear sna sonraí atá ar fáil go gcuirtear cistiú den sórt sin ar fáil go príomha trí Fhís 2020 le haghaidh taighde agus fothú acmhainne. Is iad na Cistí Comhtháthaithe agus Cistí Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa an ranníocóir is mó eile le maoiniú an bhainistithe dramhaíola guaisí. Mar chomhlánú do bhuiséad an Aontais, cuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an Banc Eorpach Infheistíochta cistiú ar fáil le haghaidh bainistiú dramhaíola, lena n-áirítear dramhaíl ghuaiseach. Ó ghlacadh an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht in 2020, tá deireadh curtha ag an Aontas le loscadh na dramhaíola guaisí agus a diúscairt i líonadh talún a chistiú, gníomhaíochtaí a mheastar a bheith neamh-inbhuanaithe Ina ionaid sin, tá gníomhaíochtaí athchúrsála á gcur chun cinn aige.

Ní tuarascáil iniúchta é seo, is athbhreithniú é bunaithe go príomha ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí nó ábhar a bhailítear go sonrath chun na críche sin. Baineann foilseacháin CIE roimhe seo leis [an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as, dramhaíl leictreonach](#) agus [leictreach agus dramhaíl phlaisteach](#).

Tá athbhreithniú CIE *“Gníomhaíochtaí an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an méadú atá ag teacht ar dhramhaíl ghuaiseach”* ar fáil ar [an suíomh gréasáin CIE](#).

Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224